

Drámaíocht le forbairt a bheidh dírithe ar Dhaoine Faoi 35 Bhliana d'Aois

Sraith drámaíochta mhisniúil, uaillmhianach, charachtar-bhunaithe

Is mian le TG4 agus le Fís Éireann cúig bhunsraith drámaíochta nua, chomhaimseartha charachtar-bhunaithe a fhorbairt a mbeidh tóir ag lucht féachana faoi 35 bhliana d'aois orthu. Ba chóir na smaointe a chuirfear faoinár mbráid a bheidh uaillmhianach, misniúil, cruthaitheach, siamsúil agus gur léiriú iad ar an tsochaí, gur súil eile a bheadh iontu a mheallfaidh glúin eile ilchineálach de lucht spéise drámaíochta TG4.

Tá sraitheanna drámaíochta idir 4 agus 8 gclár, 25 nóiméad ar fhad, á lorg againn ach táimid toilteanach smaointe ar faid níos níos faide a mheas. Ba chóir go luífeadh na sraitheanna a chuirfear faoinár mbráid go nádúrtha leis an nGaeilge agus go mbeadh siad taitneamhach do dhaoine a labhraíonn Gaeilge go rialta ach go mbeadh siad tarraingteach freisin do lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta níos leithne ó thaobh tuin, grinn, ábharthacht agus cur chuige stíle.

Cuirfear cúig thionscnamh ar ghearrliosta agus cuirfear maoiniú forbartha ar fiú suas le €50k é ar fáil dóibh chun an tsraith a thabhairt chuig leibhéal léiriúcháin. Mar chuid den fhorbairt cuirfear meantóir ar fáil duit, arna mholadh ag Fís Éireann. Fáiltímid roimh iarratais lena bhforbairt ó chomhlachtaí léiriúcháin a bhfuil an taithí chuí acu i ndrámaíocht d'ardchaighdeán a léiriú. Is mian linn scríbhneoirí, stiúrthóirí agus aisteoirí nua a bhfuil Gaeilge acu a thabhairt chun cinn mar chuid den phróiseas sin. Ní mór scríbhneoir Gaeilge a bheidh mar chuid den iarratas mar an príomhscríbhneoir nó mar chomhscríbhneoir.

An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: an 30 Samhain 2020

Ní mór na nithe seo a leanas a bheidh san áireamh in iarratais lena bhforbairt:

- Achoimre ghearr & Achoimre (260 focal)
- Réamhleagan (250 focal)
- Snáithe na Sraithe (600 focal)
- Bíobla na gCarachtar (3-5 leathanach A4 gan íomhánna san áireamh)
- Breac-chuntas ar an tuin agus ar stíl fhísiúil an tionscadail, lena n-áirítear clár tobsmaointe. (1 leathanach A4)
- Sonraí maidir le príomhphearsanra cruthaitheacha agus tallann chruthaitheach léiriúcháin
- Buiséad forbartha (ní mór teimpléad buiséid TG4 a úsáid)
- Fianaise maidir cearta Úinéireachta

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras ríomhchoimisiúnaithe <https://ecomm.tg4.ie>, agus ansin uaslódáil a dhéanamh roimh an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais trí 'Forbairt Drámaíocht F35 2020' a roghnú ón

roghchlár anuas. Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair atá do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais caite.

Is féidir ceist ar bith maidir le tograí a chur ar aghaidh go leictreonach a chur chuig Máire Uí Choisdealbha – maire.ui.choisdealbha@tg4.ie

Is féidir aon cheist a bheidh agat maidir leis an mbabhta seo agus maidir le hoiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig Mary Ellen Ní Chualáin - maryellen.ni.chualain@tg4.ie

Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.

Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle i bpraghas, ná le h-aon iarratas.

Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.

Ní ann d'aon chineál ceangal – conartha ná eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag TG4 nó thar a cheann.